An Clár

An tOllamh Mícheál Ó Dochartaigh, Cathaoirleach, Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath 3

Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge 5

An tOllamh Séamas Ó Catháin, Cathaoirleach Choiste na Gaeilge; Duine de na hIar-Chathaoirligh, Bord na Gaeilge 6

Éamonn Ó Dónaill agus Ailín Ní Chonchúir, Iar-Oifigigh Ghaeilge Bhord na Gaeilge 7

Scoláirí Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge, idir Sean agus Nua 8

Tríona Ní Mhurchú, An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh agus Aindriú Ó Faoláin

An Dr Martin Butler, Leas-Uachtarán do Mhic Léinn ag oscailt oifigiúil teach nua na scéime, Teach 7, Merville, 2009

Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Tá sé mar onóir mhór agam féin a bheith mar Oifigeach Gaeilge An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Bhunaigh Iar-Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Dr Art Mac Coscair 'An Coiste um Úsáid na Gaeilge' i Saol na hOllscoile i mí an Mheithimh 1996 chun polasaí a spreagfadh úsáid na Gaeilge san Ollscoil a mheá agus cáipéis a sholáthar faoin scéal. Ba é toradh mórthábhachtach an chruinnithe sin, gur bhunaigh Coiste Rialaithe na hOllscoile, Bord na Gaeilge i lár 1997.

Tá forbairt as cuimse tagtha ar obair an Bhoird ón mbliain sin i leith. Faoi láthair, tá suas le 500 duine, idir mhic léinn agus foirne ag clárú do chúrsaí teanga agus oiliúna linn agus neart imeachtaí sóisialta agus cultúrtha á n-eagrú againn ar a son. Cuireann muid seirbhís aistriúcháin ar fáil d'oifigí uile na hOllscoile agus foilsíonn muid lámhleabhar agus dialann gach aon bhliain.

Theastaigh ón mBord an chéad lá ariamh go dtabharfaí 'aitheantas do chúlra teanga' ár gcuid mac léinn agus go gcuirfí 'timpeallacht oiriúnach teanga ar fáil san Ollscoil dóibh mar aon le deiseanna chun a gcumas agus a suim sa teanga a chaomhnú agus a fhorbairt.' Is í 'Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge' a bhí mar thoradh ar a bhfís.

Gineann fís fís. Tá moladh an-mhór ag dul do thriúr físithe, go háirithe: An tOllamh Séamas Ó Catháin agus an tOllamh Éanna Ó hOisín, Iar-Chathaoirligh an Bhoird, mar aon leis an gCathaoirleach reatha, an tOllamh Micheál Ó Dochartaigh, a bhí ann ón tús. Tá toradh a gcuid oibre le feiceáil ar na daoine óga.

Scoláirí eisceachtúla a bhíonn i gceist le lucht na Scéime i gcónaí. Baineann siad le rogha leathan ábhair léinn agus iliomad scileanna acu, dá réir. Daoine muinteartha, spreagúla is ea iad a chuireann go mór le tograí uile an Bhoird agus le gach gné de mo shaol oibre féin. Is iontach an rud é a bheith i do chuairteoir agus i do chomhghleacaí acu, ag lucht 'Teach Na Gaeilge'.

An tOllamh Séamas Ó Catháin,
Iar-Chathaoirleach, Bord na Gaeilge, 1998-2002

Bhí dóchas ag Bord na Gaeilge ó bunaíodh é go bhféadfaí timpeallacht oiriúnach teanga a chruthú d'aos léinn an Choláiste ach an cur chuige ceart a roghnú agus riar a cháis a bheith aige. Chuir an Coláiste, agus thar ar aon ní eile, Scéim Spriocairgeadaithe an Choimisiúin um Ardoideacheas ar chumas an Bhoird tabhairt faoin bheart sin a thabhairt chun críche go dóighiúil nuair a cuireadh tús leis an Scéim Ionad Cónaithe.

Is gearr anois go raibh deich mbliana tairbheacha curtha di ag an Scéim seo agus caidre mór 'céimithe' dá cuid i ndiaidh blaiseadh den timpeallacht Ghaelach a chruthaigh sí sa Choláiste agus cur leis an timpeallacht sin ar a gcuid sainbhealaí féin.

Ar an iliomad cúiseanna, thuig an Bord ón tús nach bhféadfaí aithris a dhéanamh ar scéimeanna eile den chineál chéanna a bhí faoi lán seoil in institúidí léinn tríú leibhéil cheana féin. Dá réir sin, b'éigean don Bhord córas dá chuid féin a fhorbairt a thiocfadh le socrú seasta an Choláiste faoi chúrsaí lóistín agus a shásódh riachtanais na scoltachta agus Scéime ag an am chéanna.

Ba é neart an Bhoird ón chéad lá riamh gur Bord de chuid na hOllscoile é nach raibh faoi bhois an chait ag aon ábhar léinn faoi leith sa Choláiste agus a raibh ionadaíocht ó cheithre choirnéal an Choláiste air. B'amhlaidh don Scéim Chónaithe Ghaeilge ón tús mar gur misníodh fir agus mná óga den scoth ó réimse leathan ábhair léinn páirt a ghlacadh inti rud a rinne siad go fonnmhar.

Cúis áthais dom ní hé amháin go raibh toradh céadach uirthi mar Scéim ach go bhfuil sí ag dul ó neart go neart i gcónaí.

Éamonn Ó Dónaill,
Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge, 1997-1998

Bhí sé mar phribhléid agam féin a bheith mar chéad Oifigeach Gaeilge an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus a bheith mar bhall de choiste Bhord na Gaeilge nuair a bunaíodh an Scéim Chónaithe. Bhí sé mar aidhm ag an Bhord ón tús pobal bríomhar Gaeilge a chruthú sa choláiste agus cur go mór le líon cainteoirí na teanga. Léiríonn an rath atá ar an Scéim agus an borradh atá faoin teanga san Ollscoil go bhfuil éirithe leis an Bhord na spriocanna sin a bhaint amach. Tá gach dóchas agam go dtiocfaidh fás breise ar an Scéim sna blianta atá romhainn agus go leanfaidh na mic léinn a bheidh páirteach inti orthu ag déanamh éachtaí ar son na teanga.

Ailín Ní Chonchúir,
Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge, 1998-2001

Ceapadh mise mar Oifigeach Gaeilge lánaimseartha sa bhliain 1998 agus bhaineas an-taitneamh as na trí bliana a chaith mé sa phost. Bhí an t-ádh liom a bheith ag obair ar thionscnaimh spéisiúla le linn mo thréimhse sa Choláiste – go mór mór Scéim na nIonad Cónaithe. Le tacaíocht ó bhaill Bhord na Gaeilge agus le tacaíocht ar leith ó Tony Nichol , Riarthóir na nIonad Cónaithe, cuireadh ar chumas an Bhoird áit a thairiscint do cheathrar sa chéad bhliain den Scéim sa bhliain 2000. Bhí an Bord buíoch do Tony agus dá fhoireann as an tacaíocht a chuireadar ar fáil – bhí go leor le foghlaim againn go léir faoi na castachtaí beaga a bhaineann le cúrsaí lóistín sa Choláiste! Bhí áthas orainn go léir fáilte a chur roimh na mic léinn a fuair áit ar an Scéim agus b'iontach iad a fheiceáil i mbun oibre ag eagrú imeachtaí trí Ghaeilge. D'éirigh chomh maith sin leis an gcéad Scéim sin go rabhthas ábalta sé áit déag a thairiscint ar Scéim na bliana 2001 – méadú a chuir áthas ar gach éinne a d'oibrigh chun an Scéim a chur i gcrích. Tá an Scéim ag dul ó neart go neart ó shin agus na mic léinn a ghlacann páirt inti ag glacadh páirt ghníomhach i saol Gaelach an Choláiste.



Maighreád Coyle agus Colmán Ó Háinle, 2009

Breandán Óg Ó hAnnaidh, Captaen foirne peil ghaelach
na hOllscoile a bhuaigh craobh na hÉireann, 2005

Richard Brierley, Riarthóir na nIonad Cónaithe, An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh, Cathaoirleach, Bord na Gaeilge, An Dr Martin Butler, Leas-Uachtarán do Mhic Léinn agus Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge ag 'Seoladh Scéim Chónaithe 2009-2010'

An Dr Aodh Ó Brádaigh, Uachtarán UCD, ag bronnadh 'Duais an Uachtaráin' ar Dhónal Ó hAnrachtaigh, as a ndearna sé ar son na hOllscoile le linn dó a bheith ina Oifigeach Gaeilge le hAontas na Mac Léinn 2008-2009

2000-2001

Ruth Ní Fhionnáin

Pádraig Ó Suilleabháin

Neasa Ní Aoláin

Eoin Ó Catháin



Neasa Ní Aoláin, Éabha Ní Shiadhail agus Brighid Breathnach ag bronnadh 'Bonn Óir Bhord na Gaeilge', 2002

Neasa Ní Aoláin,

Contae na Gaillimhe, BSc, Eolaíocht, 2004

"B'éasca an rud é a bheith caillte- go fisiciúil agus go deimhin go mothálach- in Ollscoil mhór mhillteach mar UCD. Ach bhí an t-ádh liom nuair a d'fhág mé an baile i mo dhiaidh is mé i mo dhéagóir - aghaidh agam ar chathair mhór Bhaile Átha Cliath agus mo dhroim le baillte agus baillíní Chonamara - gur éirigh liom áit a bhaint amach ar Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge. Ní mba léir dom ag an am fiú amháin an tionchar a bheadh aige seo ar mo shaol san Ollscoil agus go deimhin ar mo dhearcadh i dtaobh ár dteanga dhúchais i mo shaol proifisiúnta. Níl aon dabht go raibh tionchar ag an scoláireacht a fuair mé deich mbliana ó shin ar an leanúnachas don Ghaeilge mar chuid lárnach do mo shaol, ón mbaile isteach i mo shaol mar dhuine fásta - rud a chaillteár go minic do chainteoirí dúchais nuair a bhogann siad óna gceantair dúchais."

2001-2002

Brighid Breathnach
Pádraig Ó Súilleabháin
Neasa Ní Aoláin
Eoin Ó Catháin
Jennifer Barr
Áine Máire Breathnach
Éamon Ó Cuiv
Clíodhna Ní Choistealla
Róisin Nic Cóil
Séamas Ó Maoinigh
Gráinne de Paor
Éabha Ní Shiadhail
Eimear Ní Chuiv
Éamonn Ó Lionnáin
Ruth Ní Fhionnáin
Cillín Mac Donnacha

Pádraig Ó Súilleabháin, Gráinne de Paor agus
Cillín Mac Donnacha ag Oíche Chaidrimh Bhord na Gaeilge, 2002

Brighid Breathnach

Contae na Gaillimhe, BA,
Gaeilge agus Polatíocht, 2003

"Chaith mise dhá bhliain ag cur fúm i nGhetto Gaeltachta na hOllscoile. Bhí seisear déag againn ann sa teach céanna, agus muid ag labhairt ár dteanga dhúchais féin, gan pioc náire orainn. Ní raibh glas ar dhoras ar bith, agus chuaigh muid ar fad isteach is amach trí árasáin a chéile. Bhíodh muid ar fad ag béiceadh amach na fuinneoga ar a chéile, uaireanta gan uainn ach bainne ón siopa, uaireanta eile muid ag iarraidh a fháil amach cé as a bhí siad ag teacht chomh luath sin ar maidin!

Cliché is ea é, dar ndóigh, ach bhí an t-achar a chaith mé i mo chónaí i nGaeltacht bheo bheathaíoch Belfield ar roinnt de na blianta ab fhearr i mo shaol go dtí seo, agus tá mé in éad le haon duine a bhfuil deis aige é a dhéanamh anois."

Séamas Ó Maonaigh

Contae Mhaigheo, MA, Béaloideas Éireann, 2006

"Is mór an onóir dom í páirt a ghlacadh in ócáid cheiliúrtha Bhord na Gaeilge agus an Scéim Chónaithe deich mbliana ar an bhfód! Nuair a iarradh orm giota beag a scríobh don leabhrán seo, ní fhéadfainn an t-iarratas a dhiúltiú toisc go bhfuil Bord na Gaeilge tar éis ról tábhachtach a imirt i mo shaol féin i gcaitheamh na mblianta mar mhac léinn UCD. Bronnadh scoláireacht orm sa bhliain acadúil 2001-2002 agus fanann dea-chuimhní na bliana sin liom go deo – seisear dalta déag in aon teach amháin, mo chéad uair a bheith i mo chónaí ar champas agus deis bhreá agam an Ghaeilge féin a fhorbairt agus a chleachtadh in atmaisféar dochreidte. D'éirigh thar barr leis an Scéim an babtha sin! Feicim anois tábhacht agus tairbhe na Scéime agus mé i mo mhúinteoir Gaeilge i gColáiste Mhuire, Cabrach. Beidh mo chuid scoláirí féin ag dul chun na hOllscoile go luath agus déanaim iarracht iad a spreagadh chun cur isteach ar Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge ionas go bhfaighidh siad an deis chéanna a fuair mé féin!"

2002-2003

Jennifer Ní Locháin
Eimear Ní Chuív
Brighid Breathnach
Finín Ó Néill
Ríona Nic Congail
Sinéad Nic Niocaill
Laraine Ní Thuathaigh
Pádraig Ó Gallachóir
Seán Ó Buachalla
Máire Ní Riain
Siobhán Ní Uallacháin
Caitríona Ní Éiligh
Susan Ní Chathmhaoil
Sinéad Ní Mhaolmhichíl
Aoibhinn Ní Shúilleabháin
Breandán Óg Ó hAnnaidh

Breadán Óg Ó hAnnaidh

Contae Chill Mhantáin, PhD,
An Innealtóireacht Leictreonach, 2005

"Bhí mé féin páirteach sa Scéim Chónaithe sna blianta acadúla 2002-2004.

Scéim réasúnta nua a bhí inti ag an am sin, ach bhí na buntáistí ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge le feiceáil go soiléir ar fud na hOllscoile. Bhí mic léinn ó gach cearn den Choláiste ag caint fúithi agus bhí an-iomaíocht ann chun áit a fháil, rud a lig dom bheith chomh buíoch as nuair a fuair mé áit agus mé i mo mhac léinn iarchéime. Chuaigh an Scéim i bhfeidhm orm agus thug sin spreagadh dom rudaí a eagrú le béim Ghaelach orthu cosúil le hoíche cheoil agus damhsa, nó giotaí beaga a scríobh ar aon rud sna nuachtáin Ollscoile, go háirithe ar pheil.

Ó shin i leith, tá an Ghaeilge thuas go mór i mo shaol, agus anois i saol mo mhná céile chomh maith, agus déanaim iarracht ar an nGaeilge a spreagadh aon am is féidir liom, cibé tír ina bhfuil cónaí orm."

Aoibhinn Ní Shúilleabháin

"Contae Mhaigheo, BSc, Fisic Teoiriciúl, 2005

Chuala mé faoin Scéim Chónaithe agus mé sa chéad bhliain sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Dhá bhliain a chaith mé i dTeach na Gaeilge. Bhí am iontach agam, agus mé ann. Bhí mé i mo chónaí le Sinéad, Ríona agus 'Dazzler' Finian an chéad bhliain dom agus bhí an-chraic againn san árasán sin i Merville! Bhíodh seisiúin cheoil ar siúl chuile oíche Luain sa Forum Bar. Dream álainn a bhí ar an Scéim. Ní hamháin sin ach bhíodh "bothánaíocht" ar siúl an t-am ar fad againn leis an dream thuas staighre agus trasna an halla uainn agus muid i gcónaí ag dul ar cuairt!

Bhain mé an-taitneamh as mo thréimhse ar an Scéim Chónaithe agus is maith liom go raibh ról agam, dá laghad é, i saol Gaelach an choláiste. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Bord na Gaeilge agus tá súil agam go mbainfidh na scólairí taitneamh as an Scéim Chónaithe sa todhchaí."

2003-2004

Aoife Nic Niocaill
Laoise Ní Thuama
Gwen Ní hUtáin
Ailís Nic Ghib
Pádraig Ó Gallachóir
Sinéad Ní Mhaolmhichíl
Aoibhinn Ní Shúilleabháin
Breandán Óg Ó hAnnaidh
Louisa Ní Éidéain
Aindriú Ó Dorchaí
Eimhin Ó Lideadha
Mairéad Ní Ghabháin
Aishling Nic an Tuile
Deirdre Ní Bhuachalla
Shane Ó Corcoráin
Elaine Ní Dhonnchadh

Aoife Nic Niocaill agus Aindriú Ó Dorchaí ag 'Club Sult', 2003

Aisling Nic an Tuile

Contae Cheatharlach, BSc Fisic Teoiriciúl, 2007,
i mbun Phd sa Teoiric Choimhneasachta faoi láthair

"Bhain mise áit amach ar an Scéim Chónaithe agus mé ag teacht isteach go COBÁC sa chéad bhliain. Is geall le pobal beag é an Teach Gaeilge agus ón gcéad lá bhí cúigear cairde déag agam ar an gcampas. D'fhreastail mé ar Ghaelcholáiste, agus bhí sé thar a bheith ait dom ranganna a thógaíl trí mhéan an Bhéarla. Bhí sé iontach an deis a bheith agam fós an Ghaeilge a úsáid go laethúil i ghnáthshaol an choláiste. Bhain mé an-taitneamh freisin as na hócáidí Gaeilge a reachtáil ar an gcampas. I measc na gcuimhní is fearr liom, a bheith sa Dáil agus stádas na Gaeilge san Eoraip á phlé acu, léamh filíochta le Nuala Ní Dhomhnaill a eagrú, agus casadh sna seisiúin cheoil traidisiúnta a bhris amach go minic i dTeach na Gaeilge."

Ó chlé go deas: Diarmuid Ó Conchúir, Treasa Ní Bhrolcháin, Máire Ní Bhrolcháin, Áine Máire de Bhailis, Seán Ó Crualaoich, Majella McDonnall, Aodh Breathnach, Aislinn Nic an Bhreithiún agus Colm Ó Mealóid, 2005.

Madeline Ní Ghallchóir agus a cairde ag comórtas ‘Peilfield’ le linn ‘Seachtain na Gaeilge’, 2009

Ceoltóirí na hOllscoile, (Trad Soc) ag Lón le Gaeilge Bhord na Gaeilge, 2008

2004-2005

Colm Ó Brian
Niall Ó Foghlú
Diarmaid Ó Diolúin
Majella Ni Loinsigh
Orla Ní Threasaigh
Caoimhe Ní Ghormlaith
Deaglán de Bréadúin
Eimhin Ó Lideadha
Prionsias Báicéar
Louisa Ní Eideáin
Aodh Breathnach
Colm Ó Meálóid
Ríona Nic Congail
Róisín Ní Leathleabhair
Dónal Mac an Iomaire
Tadhg Ó Rodaigh

Aisling Nic an Bhreithiún, Diarmuid Ó Conchúir agus Treasa Ní Bhrolcáin i mbun obair an tí, i dTeach 5, Merville, 2005

Ríona Nic Congail

Contae na Gaillimhe,
Phd, Litríocht na Nua-Ghaeilge, 2009

"Chaith mé dhá bhliain ar an Scéim Chónaithe, ó 2002 go 2003, agus ó 2004 go 2005. Tá aithne curtha agam ar an-chuid daoine i rith mo shaoil, ach níor bhuail mé le dream níos deise ná níos cumasaí ná na mic léinn a bhí ag roinnt árasáin liom i rith na mblianta sin. D'fhoghlaim mé cuid mhaith ó dhea-thréithe na ndaoine sin: daoine spreagúla cosúil le hAoibhinn Ní Shúilleabháin agus Finín Ó Néill a chaith a gcuid ama ag staidéar go díograiseach, ach a thuig tábhacht an spraoi leis; agus Sinéad Nic Niocaill, bean shéimh, chroíúil, a chuireadh na leabhair i leataobh chun aire agus cúnamh a thabhairt dá cairde nuair a bhídís i bponc. San atmaisféar sin, thug na mic léinn eisceachtúla timpeall orm misneach dom agus d'imigh mé abhaile ag deireadh na bliana acadúla sin chun mo chéad leabhar a scríobh. Murach iad, agus an spreagadh a thug siad dom, chuile dhuine acu ar bhealach difriúil, seans nach mbeadh peann curtha ar pár agam in aon chor, agus go mbeadh cruth eile ar fad ar mo shaol anois. Sílim gur thuigeamar uilig go raibh mianach as an ngnáth ag baint leis an Scéim Chónaithe agus gur mheall sí, ní hamháin Gaeilgeoirí, ach cuid de na mic léinn ab éirimiúla agus ab ildánaí san Ollscoil."

2005-2006

Seán Ó Crualaoích
Deirdre Breathnach
Aodhán Ó Rian
Aoife Nic Niocaill
Aodh Breathnach
Áine Máire de Bhailis
Majella McDonnell
Colm Ó Méalóid
Sinéad Breathnach
Sorcha Ní Eideáin
Diarmuid Ó Conchúir
Prionsias Baicéir
Bríd Eibhlín Ní Phiondair
Aislinn Nic an Bhreithiún
Máire Ní Bhrolcháin
Treasa Ní Bhrolcáin

Aodh Breathnach agus Aoife Nic Niocaill Ag 'Lón le Gaeilge Bhord na Gaeilge', 2005

Majella Mc Donnell

Contae Chill Mhantáin,
BAFS, Staidéar Airgeadais agus Actúireachta, 2009

"Is maith is cuimhin liom cur isteach ar Scéim Chónaithe na Gaeilge an chéad lá riamh. Bhí súil in airde agam ceart go leor – súil go gcabhródh an Scéim liom snas a chur ar mo chuid Gaeilge agus bualadh le daoine eile a raibh an luí céanna acu. Is éard nach raibh mé ag súil leis, áfach, ná an deis a bhí ann dom tumadh a fháil i ngach gné de shaol na Gaeilge i mBelfield.

Trí bhíthin na Scéime, thosaigh mé ag scríobh go seachtainiúil do nuachtán na mac léinn, agus fuair an deis obair le Scríbhneoirí Úra na Gaeilge chomh maith. Scríobhaim fós chomh minic agus is féidir liom, agus déarfainn ar an mórgóir gurb í an Scéim is cúis leis sin!"

2006-2007

Gráinne Nic Fhirléinn **Cathal Mac an Rí** **Sinéad Breathnach** **Majella McDonnell**
Ciara Ní Eochaidh **Deirdre Breathnach** **Zita Nic Arnóide** **Faye Ní Mhaolchiaráin**
Tríona Ní Dhochartaigh **Rónán Mac Samhráin** **Aodh Ó Néill** **Michelle Ní Mhurchú**
Treasa De Paor **Cristin Nic Aodh** **Cathal Ó Sé** **Aisling Nic Craith**

Tríona Ní Dhochartaigh agus Treasa de Paor Ag bronnadh na gcéimeanna, 2009

Treasa de Paor

Contae an Chláir, Radagrafaíocht (4ú bliain)

"Bhi fióráthas orm áit a fháil ar Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge. Le mo thuistí agus gluaisteán lán chun dorais, bhog mé isteach i Merville 5-3, 5 Meán Fómhair 2006. Bhíos píosa beag buartha ar dtús go mbeadh go leor scoláirí sa teach liom ó thuasiceart na tíre agus nach dtuigfinn focal óna mbéal. Bhíos i m'aonair i dtosach ach roimh dheireadh an lae, tháinig cáilín amháin eile chun an árasáin. Le Bord na Gaeilge, bhuail mé le daoine ó cheann ceann na tíre agus bhí craic againn ag chur chun cinn na Gaeilge thart thimpeall an champais. Mar achoimre: Cairde saoil agus cuimhneacháin a chuireann gáire ar m'aghaidh…céard eile a theastódh ó dhuine?"

Tríona Ní Dhochartaigh

Contae Dhún na nGall, i mbun MA sa Nua-Ghaeilge faoi láthair

"Bhí mise i mo chónaí ar an Scéim i 2006-2007. Ba í sin mo chéad bhliain i UCD agus ar shiúl ón mbaile. Bhí mé iontach imníoch faoi bheith i mo chónaí le strainséir. Ach chomh luath agus a shroich mé árasán 5-4, glanadh ar an imní. Ba í Treasa an chéad duine a casadh orm san árasán agus is í mo chara dlúth ó shin í. Bhí lucht na Scéime as achan cearn den tír, scaifte deas nárbh fhéidir a sárú a fháil. Bhí atmaisféar iontach gealgháireach sa teach i gcónaí agus ní raibh teannas ar bith idir aon duine, rud atá a fhios ag Dia is duine a tharlaíonn go minic, is iad ina gcónaí le scaifte mór daoine. Bhí sé deas go raibh mé ábalta Gaeilge a labhairt achan lá agus gan a bheith orm í a cheilt i m'áit chónaithe."

Michelle Ní Mhurchú

Contae an Lú, Leigheas (4ú bliain)

"Ghlac mé páirt i go leor imeachtaí éagsúla a bhí á n-eagrú ag Bord na Gaeilge le linn na bliana ach ba iad na himeachtaí ab fhearr liom ná "Lón na Gaeilge" agus na himeachtaí d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge. 'Sna himeachtaí sin, bhuail mé le go leor daoine a raibh leibhéil difriúla Gaeilge acu ach bhí rud amháin i gcoitianta againn go léir- an grá don teanga.

Ar an iomlán, tar éis a bheith páirteach sa Scéim seo, d'fhoghlaim mé gurb iad na himeachtaí beaga agus simplí a bhíonn á n-eagrú ar fud an champais sna scoileanna difriúla, atá ar na modhanna is éifeachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn anseo san Ollscoil agus sa tsochaí i gcoitinne."

Aisling Nic Craith agus Aodh Ó Néill ag bronnadh na scoláireachtaí iontrála, 2006

Aisling Nic Craith

Contae Ceatharlach, Tréidliacht (4ú bliain)

"Is mise Aisling Nic Craith, mac léinn le tréidliacht, agus ghlac mé páirt i Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge 2006/2007. Is as Tiobraid Árann mé, agus thug an Scéim deis iontach dom an Ghaeilge a labhairt an t-am ar fad leis na daoine eile a bhí ina gcónaí liom i dteach a 5 i Merville (agus a lán daoine eile nach iad a d'fhreastalaíodh ar na hócáidí gaelacha a bhíodh ar súil go minic!). D'eagraigh mé féin oíche scannáin trí Ghaeilge, agus d'éirigh go geal léi!"

Madeline Ní Ghallchóir agus Aodhán Ó Dea, 2008

An tOllamh Liam Mac Mathúna , Ciarán Mac Raighnaill agus An Dr Caoimhín Mac Giolla Leith ag 'Gradaim Bhord na Gaeilge', 2009

An tOllamh Anraoi de Paor, An Dr Art Mac Cosgair, Iar-Uachtarán UCD agus An tOllamh Séamas Ó Catháin ag bronnadh 'Bonn Óir Bhord na Gaeilge', 2002

2007-2008

Dónal Ó hAnrachtaigh
Michelle Ní Riain
Stiofán Ó Muirí
Ciarán Mac Raighnaill
Liz Watts
Cathal Ó Sé
Aoife Ní Searcaigh
Brian Ó Monacháin
Rónán Mac Samhráin
Aisling Ní Hoirbeard
Máire Ní Dhonnchú
Micheál Ó Cathasaigh
Rachel Ní Fhionnáin
Emmet Ó Ceallaigh
Ruaidhrí Ó Béarra
Aislinn Nic an Bhreithiún

Ruaidhrí Ó Béarra

Contae na Gaillimhe,
Máistreacht sa tSiceolaíocht Oideachais, 2008

"Bheartaigh mé aistear 'Máistreacht sa tSiceolaíocht Oideachais' a thabhairt orm féin le hiarracht a dhéanamh cur leis an tseirbhís siceolaíochta do mo mhuintir féin, muintir na Gaeltachta. Thuig mé go mbeadh cúrsa dúshlánach romham, ach ní dóigh liom gur thuig mé baileach an t-ualach oibre a bheadh orm. Caithfidh mé a rá, marach an deis a thug sibh dom fanacht ar an gcampus, ní bheinn in ann an lámh in uachtar a fháil ar an ualach oibre seo de bharr ceal ama don staidear. Tá mé, agus beidh mé, go mór faoi bhur gcomaoin

Tá blianta nach beag caite agam ag plé le cúrsaí agus gluaiseacht na Gaeilge. Scaití buaileann an t-eadóchas thú ach go háirithe nuair atá tú ag déanamh do sheacht míle dícheall an teanga a thabhairt don chéad ghlúin eile ar thairseach do chistine féin. B'fheidir gur thug an Scéim seo níos mó domsa ná mar a thug mise dise, cé go ndearna mé mo dhícheall tacaíocht a thabhairt d'ócáidí na scéime chomh fada agus a b'fheidir liom. Ach an dóchas a chonaic mé i gcroí na hóige san arasán agus ar an gcampus fanfaidh sé liom. Thug sé seacht gcroí dom. Bhíodar chomh díograiseach agus chomh dílís don teanga. Níor casadh orm leaids chomh deas, macánta agus spraoiúil le fada, fada an lá. Tá an Scéim seo ar cheann de na himeachtaí is eifeachtaí ó thaobh cur chun cinn na teanga ar bhealach praiticiúil, réalaíoch agus beomhar a bhfaca mé ariamh. Is beatha teanga í a labhairt agus dar an leabhair, chuala mé an teanga go mion minic i gcaitheamh na bliana. Molaim go hard na bhflaitheas sibh"

Rónán Mac Samhráin

Contae Chill Dara,
Innealtóireacht Mheicniúil (4ú bliain)

"Is i rith mo bhlianta ar an Scéim Chónaithe go ndeachaigh an Ghaeilgei bhfeidhm orm. Is teanga iomlán éagsúil í an Ghaeilge agus spreagann éagsúlacht machnaimh. Is aoibhinn an rud a bheith i measc muintire le Gaeilge; áit ina mbítear in ann Gaeilge a labhairt gan eagla ort nach dtuigfeá do chaint. Rinneamar cairdeas lena chéile gan mhoill ar an Scéim. Thug sin neart dúinn chun deis a chur ar fáil do mhic léinn UCD an Ghaeilge a labhairt agus í a fhoghlaim. Tá an dualgas orm tuilleadh feabhais a chur ar mo chuid Gaeilge anois, ach tuigim ar a laghad gurbh fhiú an éagsúlacht."

Cathal Ó Sé

Contae Chorcaigh, Tréidliacht (4ú bliain)

"Onóir ab ea í dom féin deis a fháil ar pháirt a ghlacadh sa Scéim Chónaithe dhá bhliain as a chéile. Caithfidh mé a rá gur bhaineas an-taitneamh agus an-tairbhe as an dá bhliain. Nuair a thángas go UCD, mí an Mheán Fómhair 2006, chun tús a chur le mo thréimhse i Scoil na Tréadliachta, b'iontach an rud é buaileadh le daoine ar an Scéim, cosúil liom féin, a bhí tar éis teacht go Baile Átha Cliath don chéad uair. Ní hamháin sin, ach ba é ár ngrá don Ghaelainn agus an tsuim a bhí againn in í a labhairt lena chéile, a chruthaigh cairdeas eadrainn go léir ón tús. Ní haon ionadh é nár bhraitheamar uainn cócaireacht ár gcuid máithreacha rómhór sa chéad cúpla seachtain dúinn i UCD!

Le linn an dá bhliain a chaitheas ar an Scéim, bhaineamar ar fad páirt ghníomhach i gcultúr Gaelainne an champais. Tugadh deis dom an fhidil a sheinm ag ócáidí difriúla Bhord na Gaeilge agus chabhraigh sé seo go mór liom cairde iontacha a dhéanamh sa choláiste. Anuas air sin, chuas ar thuras Gaeltachta Bhord na Gaeilge, ní gá dom a rá, ach beireadh an fhidil go Dhún Chaoin ar an ócáid sin agus cuimhineoidh mé go deo ar na seisiúin cheoil a bhí againn!"

2008-2009

Aindriú Ó Faoláin
Aodhán Ó Dea
Lisa Nic Phaidín
Cian Taaffe
Dónal Ó Hanrachtaigh
Deirdre Ní Fhoghlú
Eoghan Ó Murchadha
Madeleine Ní Ghallchobhair
Áine Ní Choileáin
Tríona Ní Mhurchú
Jennifer Ní Churtáin
Ruth Ní Ghormáin
Aoife Nic Samhráin
Tadhg Walsh-Peelo
Edel Ní Churraoin
Ellen Ní Riordáin

Eoghan Ó Murchadh agus Aindriú Ó Faoláin
Comhreachtairí an Chumann Ghaelaigh, 2008-2009

Eoghan Ó Murchadh

Contae Átha Cliath, Leigheas, (2ú bliain/Staid 3)

"Bhí sé de phribhléid agam cur fúm ar Scéim na bliana 2008-09. Ba reachtaire ar an gCumann Gaelach sa tréimhse chéanna mé, cumann atá bliain le cois an chéid ar an bhfód. Mo bheannacht leis. Is deis iontach atá sa Scéim, an Ghaeilge a chur chun cinn toisc a lárnaí is atá sí. Ní dhéanfad dearmad ar an mbliain dhúshlánach, spreagúil, thaitneamhach úd riamh. Airím uaim comhluadar agus meitheal na Scéime. Cairde ag obair go fonnmhar as láimh a chéile ar an aonsprioc. Chuaigh an bhliain i gcionn go mór orm agus is saibhrede mé dá bharr."

Aodhán Ó Dea

Baile Átha Cliath, Gnó & Dlí, 4ú bliain

"Bhí na blianta 2008-09 ar na blianta ab fhearr de mo shaol. Bhí d'ádh orm a bheith tofa mar Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn, bhí mé in ann bliain a thógáil ón staideár ach an rud ab fhearr ar fad, bhí baile nua agam don bhliain- Scéim Cónaithe Bhord na Gaeilge.

Bhíos tar éis bliain a chaitheamh an bhliain roimhe sin mar Oifigeach na Gaeilge ar Aontas na Mac Léinn COBÁC agus bliain iontach a bhí ann le hathsheoladh An Cumann Gaelach. Mar Uachtarán, bhíos ag iarraidh togáil air sin mar cheann de mo phríomhspriocanna, ba deis iontach í an ceangal leis an Scéim Chónaithe chun é sin a dhéanamh. Bhíos in ann tacaíocht airgid níos fearr a thabhairt de gach feachtas don teanga, méadú a mholadh don líon duine ar an scéim chónaithe, agus feabhas a chur ar dhátheangas Aontas na Mac Léinn agus an Ollscoil san iomlán.

Ón gcúpla bliain atá mé bainteach leis an nGaeilge anseo i COBÁC is cinnte go bhfuil sí tar éis dul ó neart go neart. An rud is tábhachtaí ná go bhfuil an scéim cónaithe i lár na réabhlóide seo.

Faoi dheireadh táimid ar fad ag obair le chéile ar son an aon chúis amháin. Bíonn Bord na Gaeilge, An Cumann Gaelach, An Cumann Dramaíochta, Tradsoc agus an tOifigeach na Gaeilge ar Aontas na Mac Léinn ag obair le chéile ar gach imeacht chun an teanga a chur chun cinn ar champas. Má leantar den cheangal agus den chomhoibriú sin, leanfar den réabhlóid agus tiocfaidh feabhas ar an teanga bliain ar bhliain."

2009-2010

Elaine Nic Ghearailt
Antoine Mac Gaoithín
Aoife Nic Shamhráin
Brendan Mc Ardle
Clár Nic Seoin
Cathal Mac Dhaibhéid
Colmán Ó Háinle
Cormac Ó Mhurchú
Cormac Breathnach
Sarah Ní Mhuirí
Tríona Ní Mhurchú
Dónal Ó Curráin
Edel Ní Bhraonáin
Edel Ní Churraoin
Eoghan Ó Braonáin
Jennifer Ní Churtáin
Seán Ó Buadáin
Katie Nic Aindréis
Maighread Coyle
Oisín Ó Cinnéide
Caoimhín Mac Giolla Chaoin
Ruth Ní Ghormáin
Siobhán Nic Fhlannchadha
Dónal Ó hAnrachtaigh

Aoife Nic Shamhráin, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn , Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge agus Ailbhe Ní Chonghaile, Oifigeach Gaeilge Cúnta, Bord na Gaeilge, ag seoladh 'Seachtain na Gaeilge', 2010

Cormac Breathnach

Contae Cheatharlach, Siceolaíocht (Bliain 1)

"Thart ar an am a bhí mé ag líonadh isteach an CAO, bhí mé ar shuíomh idirlín UCD agus chonaic mé nasc ann don Ghaeilge. Bhí mé ag iarraidh fáil amach faoi Ghaeilge ar champas agus d'aimsigh mé nasc maidir leis an Scéim Chónaithe agus chuir mé isteach air. Chuir mé isteach air toisc nach raibh mé ag iarraidh an Ghaeilge a fhágáil taobh thiar díom nuair a d'fhág mé an scoil. D'fhreastail mé ar Ghaelchólaiste Cheatharlach agus dá bharr sin bhí suim ollmhór agam sa teanga. Bhí cúrsa i mBéarla roghnaithe agam agus bhí mé ag iarraidh an tsuim sin a bhí agam sa Ghaeilge a choinneáil beo.

Bhí cead againn rud ar bith a eagrú a chuirfeadh an Ghaeilge chun cinn in UCD. Mar shampla eagraíodh ócáidí ar nós Trácht 2009 (oíche chultúrtha le Liam Ó Maonlaí), My First Gaeilge, Scóráil Sciobtha, Oíche Scannánaíochta, Sraith Sacar Res, Tráth na gCeist, Céilithe, Seachtain na Gaeilge agus go leor leor imeachtaí eile."

Maria Sheehy, Siobhán Ní Fhlannchadha agus Sarah Ní Mhuirí ag Teach 7, Merville, do 'Seoladh Scéim Chónaithe 2009-2010'



Elaine Ní Dhonnchadha, Ailís Nic Ghib agus Pádraig Ó Gallchóir ag 'Teacht le céile Scéim Chónaithe UCD agus Scéim Chónaithe TCD', 2004



Rachel Ní Fhionnáin, Gráinne Nic Fhirléinn agus Liadan Ní Fhoghlú, 2007

Deirdre Ní Fhoghlú agus Breandán Ó Foghlú ag 'Gradaim Bhord na Gaeilge', 2009

Focal Buíochais

Tá Bord na Gaeilge buíoch de na daoine seo thíos:
An tÚdarás um Ard-Oideachas, a thugann maoiniú don Scéim, chuile bhliain

Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Béaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta as a dtacaíocht le modúl acadúil na Scéime, 'Scileanna Cumarsáide'

Gaelchultúr Teoranta as a dtacaíocht leis an modúl céanna

Dár lucht agallaimh, a roghnaíonn na scoláirí is oiriúnaí agus is cumasaí don Scéim

Do Richard Brierley, Siobhán Kelly agus Jacintha Egan, lucht riaracháin Merville, a chinntíonnn go mbíonn rath ar 'Teach na Gaeilge'

Tá buíochas ag dul freisin do na daoine seo a leanas as a gcúnamh le heagrú 'Ócáid Chomórtha na Scéime', 26 Feabhra 2010:

Aifric Mac Aodha

Ailbhe Ní Chonghaile

Cathal Mac Dhaibhéid

Aodhan Ó Deá

Maria Sheehy

Allumni UCD

Aontas na Mac Léinn

Scéim Chónaithe 2009-2010

Trad Soc

10 Bliain 2000-2010

An Teach Gaelach
Bord na Gaeilge UCD

Bord na Gaeilge
Seomra L508,
Foirgneamh na Leabharlainne,
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Belfield, Baile Átha Cliath 4.

Teil: (01) 716-7387
Ríomhphost: oifigeach.gaeilge@ucd.ie
Idirlíon: www.ucd.ie/bnag